


GCSE



TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ  
GCSE CCEA

# Eolaíocht Teastais Dhúbailte Lámhleabhar Praiticiúil

Aonad 7: Scileanna Praiticiúla

B4: Cuadrailthe a úsáid le  
himscrúdú a dhéanamh ar  
líonmhaireacht plandaí agus/nó  
ainmhithe i ngnáthóg



## **Cuadraithe a úsáid le himscrúdú a dhéanamh ar líonmhaireacht plandaí agus/nó ainmhithe i ngnáthóg**

Le linn imscrúdú a dhéanamh ar líon na bplandaí agus na n-ainmhithe i ngnáthóg, níl sé praiticiúil ná indéanta gach uile orgánach a chomhaireamh. Dá bhrí sin, is gá dúinn an limistéar a shampláil. Ciallaíonn sin go ndéanaimid cuntas ar na horgánaigh i limistéar níos lú sa ghnáthóg agus an líon seo a úsáid le meastachán a dhéanamh ar an líon iomlán sa ghnáthóg ar fad.

Úsáidtear cuadraí le dáileadh plandaí i ngnáthóg a shampláil. Is fráma cearnógach é seo dar taobhanna 1m a thugann achar  $1\text{m}^2$  nó dar taobhanna 50cm a thugann achar  $0.25\text{m}^2$ . Mar gheall ar chuadraí a úsáid is féidir samplaí a fháil ó limistéir den méid agus den chruth chéanna ó áit ar bith sa ghnáthóg.

Is é is SAMPLÁIL RANDAMACH modh le sampla a roghnú ó phobal ar bhealach go bhfuil an dóchúlacht chéanna ag gach sampla a d'fhéadfaí a roghnú go roghnófaí iad i ndáiríre. Lena chinntiú go bhfuil an sampla randamach i ndáiríre, is gá an ghné phearsanta a chur de leataobh. Ní féidir le daltaí roghnú cá háit a leagfaidh siad an cuadraí sa ghnáthóg. Caithfidh an rogha a bheith randamach.

## Sampláil Randamach

### Fearas:

- Cuadraí
- Tábla uimhreacha randamacha/gineadóir uimhreacha randamacha

### Modh:

1. Tarraing léarscáil den limistéar atá le sampláil.
2. Roinn é ina ranna aonfhoirmeacha é agus uimhrigh na ranna. Is fearr línte greille a úsáid do ghnáthóg dar cruth aonfhoirmeach.

1	2								

Línte greille thar léarscáil de ghnáthóg le cruth rialta

3. Uimhrigh na cearnóga.
4. Úsáid gineadóir uimhreacha randamacha nó tábla uimhreacha randamacha leis na cearnóga a ndéanfar sampláil orthu a roghnú.
5. Is féidir an cuadraí a chaitheamh isteach sa chearnóg roghnaithe agus sampla a thairfeadh.
6. Déan é sin arís sa chéad chearnóg eile a roghnófar.
7. I ndiaidh samplaí a thógáil sa líon cearnóg atá de dhíth is féidir meánchuntas a ríomh do gach speiceas atá faoi imscrúdú.

### Torthaí

Ba cheart torthaí a thairfeadh i dtábla cuí.

Taispeántar tábla samplach.

Speiceas	Líon i sampla 1	Líon i sampla 2	Líon i sampla 3	Líon i sampla 4	Líon i sampla 5	Líon iomlán in 5 shampla
1.						
2.						
3.						
4.						
5.						

Más cuadraí 1m<sup>2</sup> atá in úsáid:

- aimsítear líon speiceas 1 do 5 chuadraí,
- roinn 5m<sup>2</sup> ar achar iomlán na ghnáthóige,
- iolraigh é faoin líon orgánach le líon measta sa ghnáthóg ar fad a fháil.

### **Clúdach céatadánach**

Go minic ní féidir líon na n-orgánach aonair a chomhaireamh mar sin is fearr amharc ar an chlúdach chéatadánach. Is é seo an céatadán sa chuadraí atá clúdaithe le cineál planda. Baintear úsáid as an chéatadán seo ansin le meastachán a dhéanamh ar líon iomlán na n-orgánach sa ghnáthóg ar fad.